Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14454/24
PV CONS 49
ENV 995
CLIMA 354

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

14 Deireadh Fómhair 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14216/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14400/24

An Comhshaol

**1. Cinneadh lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil** ❶C 14029/24 PE-CONS 84/24 ENV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 9.10.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**2. Treoir maidir le cáilíocht an aeir (athmhúnlú)** ❶C 14028/1/24 REV 1 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 88/24 ENV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 9.10.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le Málta ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

**3. Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas** ❶C 13954/24 PE-CONS 49/24 SOC
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 9.10.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 21(2), 53(1), 62 agus 91 CFAE).

4. **Treoir lena leathnaítear an Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas chuig náisiúnaigh tríú tír**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 9.10.2024

❶C 13956/24
PE-CONS 70/24
SOC

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 79(2), pointe(b) CFAE).

5. **Treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 9.10.2024

❶C 13952/24 + ADD 1
PE-CONS 89/24
SOC

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leis an nGearmáin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (b), agus Airteagal 16(2) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

6. **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 9.10.2024

❶C 13335/24 + ADD 1
PE-CONS 108/23
ENT

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**(b) Liosta neamhreachtach** 14399/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Conclúidí maidir leis na hullmhúcháin don 29ú Comhdháil de na Páirtithe (COP 29) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Baku na hAsarbaiseáine, an 11-22 Samhain 2024) 14218/24
*Formheas*

4. Conclúidí faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (Cali na Colóime, an 21 Deireadh Fómhair - an 1 Samhain 2024): 14357/24 + COR 1 + ADD 1

   (a) Ullmhúchán do COP 16 don Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht

   (b) Ullmhúchán do COP- MOP 11 ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht

   (c) Ullmhúchán do COP-MOP 5 ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí

   *Formheas*

5. Ullmhúcháin don chúigiú seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach chun ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, a fhorbairt (INC-5) (Busan, Poblacht na Cóiré, an 25 Samhain - an 1 Nollaig 2024) 13999/24
*Seisiún tuairimíochta*

**6. Straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht – Staid na himeartha agus an bealach chun cinn** 13949/24
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

7. **Tuarascáil ó mhórchruinniú idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí:**

**An 69ú cruinniú den Choimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (IWC69) (Líoma na Peiriú, an 23-27 Meán Fómhair 2024)** [2] 14379/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 14400/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le cáilíocht an aeir (athmhúnlú)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'D'ainneoin na bhfeabhsuithe a bhí ann le blianta beaga anuas, tá truailliú aeir fós ar cheann de na rioscaí comhshaoil is mó atá ann do shláinte an duine, agus tá an t-ualach sláinte ar an daonra, go háirithe ar ghrúpaí leochaileacha, ard i gcónaí.

Ar an gcúis sin, is díol sásaimh don Ghearmáin go rabhthas in ann teorainnluachanna uaillmhianacha ach ar féidir iad a bhaint amach a leagan síos chun ailíniú le Treoirlínte EDS a bhaint amach de réir a chéile chomh maith leis an gcuspóir maidir le truailliú nialasach agus timpeallacht atá saor ó thocsainí san Aontas faoi 2050.

Is díol sásaimh don Ghearmáin gur thángthas ar chomhréiteach cothrom agus gur cuireadh príomhábhair imní na Gearmáine san áireamh, agus aontaíonn an Ghearmáin leis an Treoir.

Ós rud é go rialaítear reachtaíocht astaíochtaí in go leor earnálacha ar leibhéal an Aontais, is gá fós, sa chomhthéacs sin chomh maith, rialacha a ghlacadh go luath chun astaíochtaí truailleán aeir a laghdú, ionas gur féidir teorainnluachanna a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh go háitiúil trí bhearta ísealtairsí.

Is díol sásaimh don Ghearmáin freisin go bhféadfadh Ballstáit an Aontais a iarraidh go gcuirfí siar an spriocdháta chun na teorainnluachanna a bhaint amach ar chúiseanna sonracha, a mhéid is léir, go háirithe, ó réamh-mheastacháin nach féidir na teorainnluachanna a bhaint amach faoin spriocdháta.

Dá bhrí sin, iarrann an Ghearmáin ar an gCoimisiún dréacht den ghníomh cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 18(5) a thíolacadh go tráthúil chun sonraí sonracha na réamh-mheastachán a leagan amach, agus bearta réasúnta agus comhréireacha á gcur san áireamh. I ndáil leis an méid sin, is é tuiscint na Gearmáine é, mar shampla, nach measfar gur bearta réasúnacha agus comhréireacha iad cosc, díchoimisiúnú nó teorainneacha a chur ar oibríochtaí suiteálacha tionsclaíocha, ná nach féidir iad a éileamh mar choinníollacha chun spriocdháta a chur siar, agus go n-iarrann siad soiléiriú iomchuí sa ghníomh cur chun feidhme. Ina theannta sin, glactar leis go dtuigfear freisin go gciallaíonn na bearta éifeachtacha dá dtagraítear in Airteagal 18(1)(b) bearta iomchuí agus comhréireacha de réir bhrí Airteagal 18(5), agus dá bhrí sin nach gcuirfear ach bearta iomchuí agus comhréireacha san áireamh agus treochláir maidir le cáilíocht an aeir á mbunú.'

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Tacaíonn an Laitvia le téacs comhréitigh deiridh an togra le haghaidh Treoir maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip.

Mar sin féin, tá ábhar imní gan réiteach ann fós. Dá bhrí sin, ba mhaith linn béim a leagan ar na hábhair imní atá againn maidir leis na spriocdhátaí atá leagtha síos chun na ceanglais faireacháin nua a chur chun feidhme, chomh maith le sásra cúitimh maidir le damáiste do shláinte an duine agus rialacha maidir le pionóis a thabhairt isteach.

Beidh dóthain ama agus infheistíochtaí breise ag teastáil ó na Ballstáit chun na ceanglais nua a chomhlíonadh maidir le sárláithreáin faireacháin a bhunú agus truailleáin nua a thomhas. Tá sé costasach agus glacann sé barraíocht ama nósanna imeachta iomchuí soláthair a chur ar bun, oiliúint a chur ar fhostaithe, trealamh nua a fháil, agus an reachtaíocht atá ann cheana a oiriúnú.

Ina theannta sin, tá dúshláin shuntasacha fós ann maidir le forálacha a thrasuí i ndáil le cúiteamh as damáiste do shláinte an duine agus rialacha maidir le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe inár gcóras dlí náisiúnta. I bhfianaise chóras dlí na Laitvia, beidh sé thar a bheith casta forálacha maidir le cúitimh agus pionóis a thrasuí inár gcóras dlí náisiúnta.

Tríd is tríd, is oth linn go bhfuil na hidirthréimhsí róghearr chun na forálacha nua a chur chun feidhme go rathúil.

Ar deireadh, cuireann an Laitvia i dtreis go mbeidh gá le hinfheistíochtaí substaintiúla sna blianta amach romhainn agus le hathbhreithniú tapa ar infheistíochtaí atá beartaithe cheana féin chun an togra seo a chur chun feidhme ina iomláine, rud a chruthóidh ualach breise suntasach riaracháin.'

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Mar a léiríodh i gcásanna roimhe seo, aithníonn Málta a thábhachtaí atá an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus an méid a chuireann sí le sláinte agus dea-bhail shaoránaigh na hEorpa agus an chomhshaoil. Le linn an phróisis caibidlíochta, labhair Málta amach mar gheall ar an deacracht a bhaineann leis na teorainnluachanna nua níos déine a bhaint amach go háirithe i gcás ábhar cáithníneach ($PM_{10}$) agus dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$). Deimhnítear an méid sin a thuilleadh le measúnú tionchair an Choimisiúin féin, ina léirítear nach mbeidh Málta in ann an teorainnluach le haghaidh dé-ocsaíd nítrigine a bhaint amach, fiú má chuireann sí chun feidhme 'an laghdú uasta is indéanta go teicniúil'.

Thairis sin, rinne Málta measúnú tionchair náisiúnta ardleibhéil eacnamaíoch ar na tionchair a eascródh as athmhúnlú na Treorach maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, inar díríodh ar phobail leochaileacha, agus dá bhrí sin ina ndearnadh cainníochtú ar an ualach breise iomarcach ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh ar ísealioncam go meánioncam.

De réir an mheasúnaithe ar na costais a bhaineann le roinnt beart agus ar na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as na spriocanna athbhreithnithe maidir le truailliú aeir a bhaint amach is é 0.07 an cóimheas costais is tairbhe 0.07 a bhainfidh leis.. Léirítear go soiléir leis an toradh sin go mbeidh costais shocheacnamaíocha dhíréireacha i gceist leis na teorainnluachanna atá beartaithe a bhaint amach, rud a fhágfaidh go mbeidh tionchar diúltach díreach agus indíreach ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Is measa fós an fhadhb sin toisc go mbíonn na teaghlaigh sin ag brath níos mó go hiondúil ar fheithiclí atá sách sean.

Is léir, dá bhrí sin, go dtéann an toradh sin i gcoinne mheon na Treorach maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, ina n-éilítear *'bearta riachtanacha nach mbaineann costais dhíréireacha leo'*.

Is ar na cúiseanna sin a mhol Málta le linn na caibidlíochta go mbeadh cur chuige níos cuimsithí agus níos cothroime ann lena gcuirfí san áireamh réimse níos leithne tosca socheacnamaíocha trí theorainnluachanna a d'fhéadfaí a bhaint amach go réalaíoch a áireamh.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Tacaíonn an tSlóivéin le hathmhúnlú na Treorach maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip, arb é is aidhm di cáilíocht an aeir san Aontas a fheabhsú de réir a chéile go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach do shláinte an duine ná d'éiceachórais nádúrtha a thuilleadh. Aontaíonn an tSlóivéin freisin, i gcás nach ndéanann na Ballstáit cinntí leordhóthanacha maidir le cur chun feidhme airteagal áirithe den Treoir, gur cheart rochtain a bheith ag an bpobal lena mbaineann ar nós imeachta iomchuí um athbhreithniú os comhair an údaráis iomchuí.

Mar sin féin, measann an tSlóivéin go bhfuil sé iomarcach foráil shonrach maidir le rochtain ar cheartas ar leibhéal an Aontais a áireamh sa Treoir seo, i gcomhthéacs na Treorach seo, nach mbaineann ach le réimse amháin de dhlí an chomhshaoil. Is páirtithe iad an tAontas agus a Bhallstáit araon, lena n-áirítear an tSlóivéin, i gCoinbhinsiún Aarhus, atá infheidhme go díreach.

D'fhéadfadh cumhdach míchothrom ar an gceart rochtana ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a bheith mar thoradh ar rochtain ar cheartas a rialáil i ngníomhartha aonair reachtaíochta comhshaoil a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith ar leibhéal an Aontais.

Is gá freisin breithniú a dhéanamh ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann go mbeadh léirmhínithe éagsúla ann maidir le cur chun feidhme na forála sin trí shásra comhlíontachta Choinbhinsiún Aarhus nó ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, rud a d'fhéadfadh cur le tuilleadh neamhchinnteachtaí maidir le cur chun feidhme an airteagail ábhartha de Choinbhinsiún Aarhus.

Ina theannta sin, creideann an tSlóivéin go dtéann sé i gcoinne phrionsabail reachtaíocht fheabhsaithe an Aontais agus phrionsabal na comhréireachta an t-ábhar sin a rialáil tríd an gcur chuige earnáilsonrach sin san Aontas.

Dá bhrí sin, ó thaobh chur chun feidhme Choinbhinsiún Aarhus de, ní fheiceann an tSlóivéin aon chúis leis an ábhar sin a rialáil ar leibhéal an Aontais sa Treoir maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tacaíonn an Ostair le cuspóir na Treorach maidir le dálaí oibre a fheabhsú in obair ardáin san Aontas Eorpach. Mar sin féin, ní mór saintréithe ilchineálacha na margaí saothair náisiúnta agus, sa chás seo, geilleagar na n-ardán, a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí comhfhreagracha an Aontais.

Mar a luaitear in Aithris 17, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le daoine a dhéanann obair ardáin san Aontas ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta nó go meastar, bunaithe ar mheasúnú ar fhíorais, go bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.

San Ostair, tá an tríú catagóir fostaíochta ar an leibhéal náisiúnta ann darb ainm *Freie Dienstnehmer* (conraitheoirí neamhspleácha). Mar sin, más é an stádas idirmheánach sin an stádas ceart de réir dhlí na hOstaire, ba cheart feidhm a bheith ag na cearta agus na hoibleagáidí de bhun an stádais sin.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Ostair i dtreis nach ndéanann an Treoir seo difear ar bith do dhlí, do chomhaontuithe comhchoiteanna ná do chleachtas na hOstaire maidir le stádas idirmheánach *Freie Dienstnehmer*.'

**Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Tá Poblacht na Slóvaice i bhfabhar an togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a rannchuideoidh le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol.

Ba mhaith linn ár n-imní a chur in iúl maidir le haicmí guaise nua (ED, PBT/vPvB, PMT/vPvM) a thabhairt isteach i Rialachán CLP a dhéantar trí Ghníomh Tarmligthe.

Tuigimid gur cheart go n-áiritheofaí leis an Rialachán CLP ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol chomh maith le saorghluaiseacht substaintí ceimiceacha, meascán ceimiceach agus earraí sonracha áirithe, agus an t-iomaíochas agus an nuálaíocht á bhfeabhsú ag an am céanna.

I gcás ina dtabharfar aicmí guaise nua isteach níos luaithe i Rialachán CLP ná sa Chóras Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú (GHS), d'fhéadfadh sé go mbeadh fadhbanna agus éiginnteacht ag baint le hailíniú Rialachán CLP leis an GHS ar leibhéal na Náisiún Aontaithe sa todhchaí. Ina theannta sin, chruthódh sé bacainní ar thrádáil dhomhanda ceimiceán maidir le hiomaíochas agus saorghluaiseacht substaintí, meascán agus táirgí agus d'fhágfadh sé go bhféadfaí an margadh a ilroinnt ar fud an domhain.'